IS É *JOE DILLON* a nocht domhan an *Wild West* dúinn. Baí ábhar leabharlainne bige aige de sheanuimhreachaibh *The Union Jack*, *Pluck* agus *The Halfpenny Marvel.* Gach tráthnóna tar éis na scoile chasaimis lana chéile ina ghairdín cúil agus shocraímis cathanna *Indians*. Eisean agus a dheartháir óg ramhar- an falsóir, ghlacaidís seilbh ar lochta an stábla fad is a dhéanaimis féin iarracht a ghabhála de ruaig uaibh. É sin nó bhídís cathanna cóirithe againn lana chéile aran phlásóg. Théidís a mhuintir go haifreann a hocht a chlog gach maidin agus bhíodh boladh suaimhneasach *Mrs Dillon* i réimeas i halla an tí. Sinne a bhaí níos óige agus níos cúthaile [ná é], ba ró-fhíochmhar linn an chaoi a bhíodh sé ag súgradh áfach. Baí cuma Bhundúchasach Mheiriceá de chineáil éigean air agus é ag ceáfráil timpeall an ghairdín, seanphúic tae ara chionn, é ag bualadh druma lana dhorn agus ag béiceadh:

'*Ya! yaka, yaka, yaka!'*

Baineadh stangadh as gach aon duine nuair a frítheadh scéala go rabh gairm aige la beith ina shagart. Mar sin féin, ba fhíor é.

Fás meon ansmachta inár measc agus, fona tionchar siúd, dhéantaí neamhaird de difríochtaibh cultúir ná láidreachta. Sheasaimis lana chéile, cuid dínn go dána, cuid eile ar son grinn agus cuid eile fós nach mór as faitíos: agus issa líon dheireanach, na hIndiaigh dhrogallacha a mbíodh eagla orthu tabhairt la fios go mba daoine staidéartha ná ar easpa scafántachta iad, ba dhuine dhíobh mise. Na heachtraí a bhaineadar la litríocht an *Wild West,* níor chosúil lamo nádúr-sa iad ná baol air. Ara laghad féin áfach, d'osclaídís doirse éalaithe. B'fhearr liomsa roinnt scéalta bleachtaireachta Meiriceánaí ina mbíodh trácht ar chailínibh fhiáinibh áillibh stothallachaibh ó am go chéile. In ainneoin nach mbíodh aon cheo as bealach lasna scéalta seo agus cé gur liteartha a n-éirim scaití, scaiptí fo choim sa scoil iad. Lá amháin nuair a bhaí an t-Athair *Butler* ag éisteacht lasan cheithre leathanach de Stair na Róimhe,[1] frítheadh Leo Dillon, an ciotachán, la cóip de *The Halfpenny Marvel.[1]*

'An leathanach seo nó an leathanach seo? An leathanach seo? Anois, Dillon, aníos leat! *"Hardly had the day dawned"...* An bhfuil staidéar déanta agat air? Céard atá ansin agat i do phóca?

Táinig fuadach croí ar gach aon duine agus Leo Dillon ag géilleadh an pháipéir, agus cuir gach duine dreach neamhurchóideach air féin. Iompaigh an tAthair Butler na leathanaigh agus grainc ara mhalaibh.

'Céard é an truflais seo?' a deir sé. *'The Apache Chief!* An é seo a léir i leaba staidéir ar do chuid Staire Rómánaí? Ná ligí dhom aimsiú tuillidh den dríodar shuarach seo issa choláiste seo. An fear a scríobh é, is dóigh liom, is suarachán éigean é a scríobhas na rudaí seo la haghaidh dí. Cuirid buachaillí mar aon leatsa iontas orm, sibh léannta, agus ag léamh a leithéide de stuif. D'fhéadfainn a thuiscint é dá mba... bhuachaillí na Scoile Náisiúnta sibh. Anois, Dillon, comhairle láidir duit, téigh i mbun oibre nó... '

An lochtú seo la linn uaireanta stuama na scoile, bain sé an mbarr de ghlór an Iarthair Fhiáin orm, agus dreach náireach ata Leo Dillon, dúisigh sí ceann demo choinsiasaibh.

Nuair a bhaí fad curtha idir mé agus tionchar sriantach na scoile áfach, tosaíos ag tnúth arís la mothúcháin fhiáine, lasan n-éalú nár léir dom fáil agam air acht amháin i gcroinicibh an anoird. Éirigh bréagchogaíocht an tráthnóna chomh leamh tuirsiúil la gnáthamh na scoile ar maidin fo

1 ***The Halfpenny Marvel:*** Páipéir scéalta Breatnacha a bhunaigh Alfred Harmsworth (foilsitheoir mór nuachtáin) i 1893. Is éard a bhí mar aidhm aige, deireadh a chur la díol na '*penny dreadfuls*' - sraith litríochta a fhoilsítí ar mhaithe la rath díolacháin i measc an lucht oibre seachas ar son ard-litríochta. An ról a bhoí ag *The Halfpenny Marvel*, litríocht ghlan, shláintiúil do chur ina n-áit siúd.

dheireadh óir teastaíodar fíoreachtraí uaim. Tángas arsan dtuairim nach dtarlaid rudaí aisteacha do dhaoinibh a fhanaid issa bhaile: caithfear dul ara dtóir aran choigríoch.

Bádar na laethanta saoire ag drannadh liom nuair a bheartaíos briseadh amach ó leadrán saoil na scoile, ara laghad ar feadh lae. La Leo Dillon agus lá buachaill darb ainm *Mahony* a shocraíos lá éalaithe ón scoil. Coigil gach duine dhínn sé phingin. Chasfaimis lana chéile aga deich a chlog ar maidin ag droichead na canála. Scríobhfadh deirfiúr mhór Mahony leithscéal dó agus iarfadh Leo Dillon ara dhearthháir insint go rabh sé breoite. Bhí sé socraithe againn go rachaimis suas *Wharf Road* go dtiocfaimis chomh fada lasna longa. Ansin dhéanfaimis an dturas trasna issa bhád fharantóireachta agus shiúlfaimis amach do fheiceáil an *Pigeon House*.[2] Bhí faitíos ar Leo Dillon go mbuailimis la *Father Butler* nó la duine éigean ón Choláiste, acht cuir Mahoney an gceist, rud ar chiallmhar é, cad chuige a mbeadh an tAthair Butler thall agan *Pigeon House*. Cuir sé sin arár suaimhneas sinn: agus cuireas-sa an gcéad-chéim den chomhcheilg i gcrích nuair a bhailíos sé phingin asan bheirt eile, dá dtaispeáint mo shé phingin féin issan am chéanna. Nuair a bhámar ag déanamh na socraithe deireanacha an tráthnóna roimh ré, baí pas beag díocais orainn. Croitheamar lámh lana chéile agus sinn ag gáire.

‘Go amárach a mhéiteannaí’, a deir Mahoney.

Baí codladh corrach agam an oíche sin. An mhaidin dár gcionn, ba mise an chéad-duine agan droichead ó tharla gur mise an té a bhaí ina chónaí ba ghiorra dhó. Cuireas mo chuid leabhar i bhfolach issa bhféar n-ard a bhaí cóngarach don pholl luaithe ag bun an gharraí, áit nár thaitin duine ná deoraí riamh. Leis sin, fuirsíos suas bruach na canála. Ba mhaidin bhog ghrianmhar de chéad sheachtain Mhí an Mheithimh í. Suíos in airde ar chóipeáil na canála agus mé ag breathnú go sásta armo bhrógaibh fíneáltaibh canbháis a sciúras go cáiréiseach la cré píopa la linn na hoíche. Leanadar mo shúile na capaill cheansa ó am go chéile fad is a tharraingíodar tram lán de dhaoinibh gnó suas an n-ard. Baí gach géag dena crainnibh ardaibh feadh na canála ag gáire la duilleóga beaga glasa geala agus snigh solas na gréine tríothu arsan n-uisce. Baí eibhirchloch an droichid ara théamh suas agus tosaíos dá tapáil lamo bhos i dtúin lasan bhfonn gceoil imo chionn. Baíos breá sásta.

Tar éis chúig nó deich nóiméad imo shuí ann chonaiceas culaith liath Mahoney ag tuidheacht imo threo. Táinig sé suas an aird agus meangadh gáire air, agus dreap suas lamo thaobh arsan ndroichead. Fad is a bhámar ag fanacht, tarraing sé amach an gcatapult a bhaí ag cur boilg amach ara phóca inmheánach gur léirigh dhom cuid dena feabhsaithibh a bhádar déanta aige air. Fiafraíos de cad chuige a rug sé leis é agus dúirt liom gur ar mhaithe la roinnt spraoi lasna héin a rug leis é. D’usáideadh Mahoney neart béarlagair ina chuid cainte agus ‘*Old Bunser*’ an t-ainm a chuireadh sé aran n-Athair Butler. Fanamar mar sin ar feadh leathuaire níos faide acht fós féin ní rabh tásc ná tuairisc ar Leo Dillon. Léim Mahoney anuas den bhalla issa deireadh agus dúirt:

‘Gabh i leith. Bhí a fhios agam go gclisfeadh an Feolamán orainn.’

‘Agus a shé phingin...?’ ar mise.

‘Sin an geall a chuir sé,’ ar Mahony ‘agus is é is fearr dúinne é – tá scilling agus sé pingneacha againn anois in ionad sé pingineacha.’

Siúlamar suas Bóthar na Trá Thuaidh a fhad lasna *Vitriol Works* agus ansin casamar ar dheis suas *Wharf Road*. Tosaigh Mahony ag aithris ar dhúchasach Mheiriceánach a thúisce is a bhámar imithe as amharc. Cuir sé an ruaig ar scata cailíní gioblacha, ag beartú a chatapuilt folaimh agus, nuair a thosaíodar beirt bhuachaillí gioblacha ag radadh cloch linn as gaisce, mol dom gabháil ar ruathar fúthu in éineacht leis. Cuireasa ina choinne aran bhonn go rabhadar róbheag, agus siúlamar ar

aghaidh fad a bhaí an slua cifleogach ag screadach *‘Swaddlers! Swaddlers!* inár ndiaidh, óir síleadar gur Phrotastúnaigh sinn de bhrí go rabh Mahoney, a bhaí dúchraicneach, ag caitheamh shuaitheantas airgead chlub *cricket* ara chaipín.[3] Nuair a thángamar a fhad lasan *Smoothing Iron* deineamar léigear orthu acht ní rabh maith ann, mar ní mór triúr duine ara laghad. Baineamar díoltas amach ar Leo Dillon as rá faoi gur chladhaire cruthanta é agus as tomhas cé méad a bhfaigheadh sé aga trí a chlog ó *Mr Ryan*.[4]

Tángamar gar don abhainn ansin. Caitheamar tréimhse fhada ag siúl timpeall na sráideanna callánacha lana mballaí arda ara dtaobhanna, sinn ag breathnú ar láimhseáil na gcrann tógála agus na n-inneall. Ba mhinic a screadadar tiománaithe cairteacha slóchtacha orainn nuair nár bhogamar. Baí sé ina mheán lae fon am a shroicheamar na céibheanna agus ó tharla go rabhadar na hoibrithe ar fad ag ithe a lóin, ceannaíomar dhá bhorróg móra rísín agus suíomar síos ar phíopa miotail cois na habhann dá n-ithe. Baineamar sásamh asan radharc ar thrádáil Átha Cliath – na báid canála i bhfad uainn ag beannú dhúinn la puthanna deataigh ar nós olla, an loingeas donn iascaireachta arsan taobh thall den Rinn, an soitheach mór seoltóireachta a bhaí á dhíluchtú arsan chéibh thall uainn. Dúirt Mahoney go mba mór an greann é teitheadh linn tharr tonn ar chionn dena soithibh móraibh agus fiú mise, agus mé ag breathnú arsna crainn mhóra seoltóireachta, choineacas, nó samhlaíos, anam ag tuidheacht de réir a chéile issa dtíreolaíocht a dháileadh go gann orm ar scoil. Shílfeá go rabh an scoil agus an baile ag druidim uainn agus go rabh a dtionchar orainn ag dul i léig.

Trasnaíomar an Life i mbád farantóireachta. Íocamar an dtáille la dul ar bord i gcuideachta bheirt shaothraithe agus Íúdaigh big la mála. Bámar chomh stuama is go bhféadfá rá go rabhamar sollúnta, acht uair amháin dearcamar issa súil ara chéile go ndearnamar gáire. Nuair a thángamar i dtír, féachamar ar dhíluchtú grástúil an tsoithigh trí-chrann ar bhreathnaíomar air ón ché eile. Dúirt duine éigean den lucht féachana gur shoitheach Ioruach í. Chuas gona dheireadh ag iarraidh céile dho dhéanamh den scríbhinn uirthi acht, nuair nár éirigh liom, filleas agus scrúdaíos na mairnéalaigh féachaint an rabh súile glasa[5] ag duine ar bith dhíobh, mar baí nóisean doiléir éigean agam... Ba ghorma agus liatha iad súile na mairnéalach, agus bádar súile dubha acu go fiú amháin. An t-aon mhairnéalach a d'fhéadfaí rá faoi gur dhuine la súile glasa é, ba fhear ard a bhain gáire asan tslua aran ché as rá, gach uair dar tit ceann dena pleancibh:

'All right! All right!'

Nuair a éiríomar bréan den fheic seo, chuamar ag fálróid go mall issa Rinn. Bhí brothall tagtha aran lá, agus i bhfuinneogaibh na siopaí bádar brioscaí stálaithe ina luí á mbánú agan ghréin. Ceannaíomar roinnt brioscaí agus seacláidí agus itheamar go cáiréiseach iad fad a bhámar ag fánaíocht trí shráideanna brocacha ina rabhadar clanna na n-iascairí ina gcónaí. Níor thángamar ar dhéirí in áit ar bith agus chuamar isteach i siopa mangarae dá dheasca, do cheannach bhuidéal líomanáide an duine. Athbheoite aige sin, chuaigh Mahoney síos lána issa tóir ar chat, acht tug an cat na cosa leis go páirc leathan. Airíomar an bheirt dínn tuirseach go leor fon am a shroicheamar an bpáirc agus deineamar caol díreach ar iomaire aga bhruach a thug radhairc ar An Dothra thara dhroim.

Baí sé ródhéanach agus bámar róthuirseach chun chur i gcrích ár scéime thabhairt cuairte aran *Pigeon House*. Níor mhór dúinn beith abhaile roimh a ceathair a chlog ar eagla go bhfaightí amach fonár eachtra. Amhairc Mahoney go haiféalach ara chatapult agus baí orm moladh dhó dul abhaile aran traein sula dtagadh aon bhlas dá mhisneach ar ais. Imigh an ghrian i measc na scamall agus fág lenár gcuid smaointe maolaithe agus la grabhróga ár lóin sinn.

Ní rabh duine ná deoraí eile sa pháirc acht amháin sinn féin. Tar éis dúinn tamaill fada inár luí aran bhruach gan focal uainn, chonaiceas-sa fear ag tarraingt orainn ón taobh thall den pháirc. Amharcas go marbhánta air agus mé ag cogaint ar cheann dena gasaibh glasaibh sin lana ndéanaid cailíní

fáistine. Táinig sé go mall feadh an bhruaigh. Siúl la lámh amháin ara chorróg. Bhí maide ar iompar issa láimh eile aige lenar tug sé mionbhuillí don talamh. Baí sé gléasta go dona i gculaith i leith na glasduibhe agus hata la tóin ard air a dtugaimis *jerry hat* mar ainm air. Baí cuma sách sean air lana chroiméal ar dhath na luaithe. Nuair a tháinig sé a fhad linn agus é ag siúl díreach thíos fúinn, dearc suas orainn go sciobtha agus coinnigh air ara bhealach. Leanamar é lanár súile agus chonaiceamar gur thosaigh sé ag filleadh ar ais tar éis tuairime is caoga coiscéim. Siúl chugainn go han-mhall, ag tabhairt mionbhuillí don talamh lana mhaide i gcónaí. Baí sé ag dul chomh mall is gur síleas go rabh ag cuardach rud éigean issan fhéar.

Stop sé nuair a bhaoí thíos fúinn agus beannaigh dhúinn. Freagraíomar dó agus suí sé síos go mall agus go han-cháiréiseach taobh linn aran bhfána. Tosaigh ag caint fon aimsir, dúirt go mbeadh samhradh an-te ann agus freisin go rabh athrú mór tagtha arna séasúraibh ó bhaí seisean ina ghasúr – i bhfad ó shin. Dúirt nach rabh amhras ann acht gurb é an tráth is sona i saol duine ná a laethanta scoile agus go dtabharfadh rud ar bith la beith óg arís. Fanamar inár dtost gan suim againn ann fad is a nocht sé na tuairimí seo. Ansin tosaigh ag caint fon scolaíocht agus fo leabhairibh. Fiafraigh dhínn ar léamar filíocht Thomas Moore ná saothair Sir Walter Scott agus Lord Lytton.[6] Ligeas orm go rabh gach leabhar ar thagair sé dó léite agam, sa chaoi is go ndeir sé issa deireadh:

‘Á, feicim gur léitheoir craosach thú, fearacht mise. Anois’, a deir sé, ag síneadh a mhéire i dtreo Mahoey a bhaí ag breathnú orainn la súile móra, ‘tá seisean difriúil, is iad cluichí a rogha siamsa siúd.’

Dúirt sé go rabh gach saothar la Sir Walter Scott agus gach saothar la Lord Lytton sa bhaile aige agus nár thuirsigh sé riamh dá léamh. ‘Ar ndóigh, bádar roinnt leabhar de chuid an Tiarna Lytton ann nár thig la buachaillí a léamh.’ Fiafraigh Mahoney cén fáth nach bhféadfaidís buachaillí léamh na leabhar sin – ceist do chráigh mise mar baí faitíos orm go gceapadh an fear go rabhas-sa chomh dúr la Mahoney. Ní rabh de fhreagairt agan fhior acht meangadh gáire áfach. Chonaiceas go rabhadar mantanna móra ina bhéol idir a fhiacla buí. Ansin fiafraigh sé dhínn cé dhínn a rabh an líon ba mhó *sweethearts* aige. Inis Mahoney go ciúin go rabhadar triúir stumpaí aige. Fiafraigh an fear díom cé méad do bhí agamsa. Freagraíos nach rabh muirnín ar bith agamsa. Níor chreid sé mé agus dúirt go rabh sé cinnte dhe go rabh cailín amháin agam. Ní rabh focal uaim.

‘Inis dom’ ar Mahoney go clóchasach, ‘cé méad atá agatsa?’

Dein an fear meangadh gáire faoi mar a rinne roimhe sin go ndúirt go rabhadar neart muirníní aige nuair a bhaí sé den aois chéanna linne.

‘Tá muirnín beag’, a deir sé, ‘ag gach aon bhuachaill.’

Ba ait liom a oscailte is a bhaí a dhearcadh aran ábhar seo d’fhior dá aois. I mo chroí istigh cheapas gur chiallmhar a rabh ráite aige fo bhuachaillibh agus fo mhuirnínibh. Níor thaitin liom na focail ina bhéol áfach agus níor thuigeas cén fáth ar bhuail taom creatha é uair nó dhó faoi mar a bheth eagla air fo rud éigean nó faoi mar a d’éireodh sé fuar ar feadh scaithimh. De réir mar do lean sé air, tugas fo deara go rabh tuin snasta ara chuid cainte. Tosaigh sé ag caint fo chailínibh – a mhíne is a bhaí a gcuid gruaige deise agus a mhíne is a bhádar a lámha deasa. Dúirt go rabh gach aon chailín níos dána ná a cosúlacht, dá mbeth a fhios ag duine. Ní raibh rud ar bith fon spéir ba mhó a thaitin leis, a dúirt sé, ná breathnú ar chailín dheas óg, ara lámhaibh deasaibh bánaibh agus ara cuid gruaige áille. Baí an chuma air go rabh sé ag athrá ruda a bhaí foghlamtha de ghlan mheabhair aige, nó go rabh sé fo dhraíocht ag foclaibh áirithibh a rabhadar á rá aige agus go rabhadar a chuid smaointe ag guairdeall timpeall i lúb. Amanna labhair sé mar a bheth sé go díreach ag lua ruda éigin a bhaí ar eolas ag cách, amanna eile labhair de ghlór íseal agus go diamhair mar do bheth sé ag nochtadh rúin dúinn nár mhaith leis dá gcloisidís daoine eile é. Dúirt sé na habairtí céanna arís agus arís eile, dá

malartú agus dá dtimpeallú lana ghlór leamh. Níor fhágadar mo chuid súl bun na sleasa fad is a bhíos ag éisteacht leis.

Tar éis tamaill fada stad a mhonalóg. Seas sé aníos go mall, go ndúirt go gcaithfeadh sé sinn do fhágáil ar feadh tuairim is nóiméad, cúpla nóiméad, agus, gan athrú dho dhéanamh ar threo mo dhearcaidh, chonaiceas ag siúl go mall uainn gosan dtaobh den pháirc ba ghiorra dhúinn. Fanamar inár dtost nuair a bhaí sé imithe. Tar éis seala ciúnais de chúpla nóiméad, chualas Mahoney ag déanamh iontais:

‘Dar mo bhriathair! Breathnaigh ara bhfuil á dhéanamh aige.

‘Leoga... is sean-*josser* corr é!’[7]

‘Ar fhatíos go bhfiafraí sé orainn cad is ainm dúinn’, a deirimse, Murphy a bheas ortsa agus Smith a bheas ormsa.’

Ní dúramar aon cheo eile lana chéile. Bhíos ag dóbartaíl ar imeacht nó fanacht fós nuair a fhill sé agus suí in aice linn arís. Is ar éigean a shuí síos nuair a léim Murphy, a chonaic an gcat a d’éalaigh uaidh, léim aníos agus chuaigh sa tóir uirthi trasna na páirce. Amhairc an fear agus mise aran seilg. Éirigh lasan gcat éalú agus tosaigh Mahoney ag caitheamh cloch lasan mballa arar dhreap an cat. Éirigh sé as sin gur tosaigh ag fánaíocht thart agan taobh thall den pháirc gan chúis fo leith aige.

I ndiaidh seala ama, labhair an fear liom. Dúirt gur bhuachaill an-bhithiúnta é mo chara agus fiafraigh dhíom ar lascadh go minic é sa scoil. Bhíos ar hob rá leis go diomúch nár bhuachaillí de Scoil Náisiúnta la lascadh muidne, mar a chuir seisean air, acht fanas i mo thost. Tosaigh sé ag caint fo smachtú buachaillí. Mar a bheth a mheoin fo dhraocht arís aga chuid cainte féin, taibhsíodh dhom go rabh sí ag guairdeall timpeall go mall ara lár nua, arís agus arís eile. Dúirt sé go mba cheart tabhairt lasctha do bhuachaillibh, agus tabhairt lasctha maith nuair is den chineál sin iad. Ní dhéanfaidh beart dá laghad eile maitheas do bhuachaill nuair is buachaill bithiúnta ainrialta é acht amháin lascadh breá trom. Ní rabh aon mhaith i mboiseoig issa láimh ná smitín i mbun na cluaise: is éard a theastaigh uaidh ná goradh maith de lascadh. Baí iontas orm fon tuairim agus tugas spléachadh suas ara dhreach de m‘ainneoin féin. Is éard a bhaí romham, dhá shúil glas ag gliúcaíocht orm fo éadan bhíogach. Iompaíos mo shúile uaidh arís.

Lean an fear ar aghaidh lana spéic. Ba chosúil go rabh dearmad déanta aige arsan liobrálachas a bhaí aige go nuige sin. Dúirt sé dá bhfeiceadh sé buachaill ag caint la cailíní riamh nó a mbeadh cailín aige mar mhuirnín, go lascfadh sé arís agus arís eile é agus go dtabharfadh sin ceacht dó gan bheith ag caint la cailíní. Agus dá mbeth cailín mar mhuirnín ag buachaill agus dá ndeireadh sé bréaga fon scéal, go dtabharfadh sé a leithéid de lascadh dhó is nach bhfuair buachaill riamh issa domhan seo. Dúirt nach rabh rud ar bith fon spéir ab fhearr leis ná sin. Mínigh dhom an chaoi do lasfadh sé buachaill dá leithéid mar a bheth ag nochtadh rúin diamhair. Ba bhreá leis é sin, a dúirt sé, thar aon ní eile fon spéir. Éirigh a ghuth ionann is muirnéiseach agus é domo threorú go liosta tresan mistéir seo, faoi mar a bheth a ghuth ag impí orm go dtuigfinn a chás. Fanas ag feitheamh la sos sa mhonalóg. Ansin seasas aníos go tobann. Deineas moill ar feadh nóiméid ar fhatíos go sceithinn a shuaite is a bhíos, agus mé ag ligean orm féin go rabhas ag ceangal mo bhróige, go ndúras ansin go mb’éigean dom imeacht agus fágas slán aige. Chuas suas an bhfána go deas réidh acht baí mo chroí ag preabadh go mear la scéin go mbéaradh sé arsna rúitíní orm. Nuair a shroicheas barr na fána, casas timpeall agus, gan amharc air, glaos ós ard trasna na páirce:

‘Murphy!’

Baí tuin na crógachta bréagaí i mo ghuth agus baí náire orm fomo sheift bheag bhocht. B'éigean dom scairt amach an athuair sular fhaca an Mathúineach mé agus glaoigh sé in ard a chinn ar ais orm. I mbarr mo chluaise a bhaí mo chroí beag fad is a bhaí seisean ag tuidheacht de rith trasna na páirce chugam. Rith sé mar a bheth sé ag tuidheacht i gcabhair orm. Agus aiféala orm; mar i mo chroí istigh ba bheag orm é riamh go sin.

1 **Stair na Róimhe:** obair bhaile na scoláirí ina mb’éigean téacs a aistriú as Laidin go hAnglais.

2 ***Pigeon House:*** Is é an t-ainm atá aran fhoirgneamh seo anois, Cumhachtstáisiún an Phoill Bhig *(Poolbeg Generating Station as Anglais)*. Baisteadh Pigeon House air i gcuimhne fir darb ainm John Pidgeon. Bhí seisean ina airíoch aran áit timpeall na bliana 1860. Usaideadh an bhfoirgneamh mar stóras do longaibh ceannaíochta ar dtús.

3 ***Swaddlers!...* chlub *cricket* ara chaipín:** Bhíodh droch-mheas ar chriogar in Éirinn tráth, óir cuireadh ina leath gur chluiche Sacsanach é, in ainneoin go n-imrítí é i roinnt scoileannaibh Caitliceachaibh, scoil James Joyce ina measc (*Belvedere College*)

4 **cé mhéid a bhfaigheadh sé... :** Buillí den *pandybat*. Ba strapa treisithe é an pandybat.

5 **súile glasa:** Táid súile glasa ag *Odysseus* sa mhiotas Gréagach

6 ***Thomas Moore (1779-1852):*** file Éireannach a thaistil go forleathan acht a chaith a chuid is mó dá shaol i Sacsana. Ba iad na dánta a cuireadh la ceol is mó a bhain cáil amach. *Irish Melodies* a cuirtear arna dánta seo. *Sir Walter Scott* (1771-1832) - File agus úrscéalaí staire Albanach. *Edward Bulwer-Lytton* (1803-73) - úrscéalaí staire Sacsanach. Scríobh sé roinnt scéalta ina rabh scéin, coirpeacht agus paisean freisin nach bhfuil an oiread céanna measa orthu.

7 ***josser:*** téarma béarlagair d’fhiur – go háirithe d’fhiur bhaoiseach. B’fhéidir nach comhtharlúint gan bhrí é go bhfuil fuaim an fhocal josser cosúil la *tosser*